

# Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain



Leabhar lámhscreibhinni de chuid Chumann Carad na Gaeilge

cad a sheasfaidh agus cad a bheidh caillte,  
cad a mbeidh tionchar aige agus cad a  
chaithfear ar leataobh. Is minic nach mbíonn  
aon fhios againn cén tionchar atá againn ó lá  
go lá ar ár gcairde agus ar dhaoine an lae  
inniu. Ach pé rud a dhéanaimid, tá seans ann  
go ndéanfaidh sé a mhaith do dhuine éigin.  
**Mar a dheirtear, is olc an ghaoth nach  
séideann do dhuine éigin.**

San eagrán seo, féachaimid siar ar an aimsir  
chaite, ach féachaimid ar chúrsaí reatha agus  
chuig an todhchaí, freisin. Tá snaidhm ann a  
cheanglaíonn iad go léir le chéile. Dírímid ar  
eagras ar leith ag a bhfuil stair, beocht reatha  
agus todhchaí dóchasach - **Oideas Gael**. Tá an  
t-eagras sin ar an bhfód le breis is 25 bliain,  
agus guímid gach rath orthu as seo amach.  
Ceiliúraimid leo san eagrán seo a mbíonn ar  
siúl acu. Tá tuairisc bhreá againn ar na  
himeachtaí thall sa Ghleann le Gearóid Ó  
hAnnaidh, atá ina chónaí sa Bhruiséil. Agus  
nuair a bhí a fhios agam go mbeimis ag díriú  
ar an nGleann san eagrán seo, d'íarr mé ar  
Liam Ó Cuinneagáin píosa a scríobh dúinn,  
agus bhí sé toilteanach cur síos a dhéanamh ar  
na Gaeil ar fud an domhain a bhfuil ceangal  
acu le hOideas Gael. Tá an t-alt seo bunaithe  
ar chaibidil den leabhar iontach a luann

Is iomaí rian a fhágaimid inár ndiaidh, agus a fhágann  
áiteanna is daoine orainne. Ní chreidim go mbímid  
scartha ó na laethanta a chuaigh thart ná ó na daoine  
sin go huile is go hiomlán. Braithimid iad sna rudaí a  
d'fhág siad ina ndiaidh, ina gcuid smaointe atá fágtha  
againn, agus sa chultúr a chum siad dúinn. Braithimid  
iad ina dteanga agus sna háiteanna a raibh cónaí  
orthu iontu. Ní fheicimid na laethanta atá le teacht,  
dar ndóigh, ach táimid ag tógáil is ag déanamh na  
rudaí, ag cruthú is ag roinnt lena chéile na rudaí a  
fhágfaimid inár ndiaidh, agus a bheidh acusan mar  
theagmháil linn. Níl gach rud a dhéanaimid  
tábhachtach, dar ndóigh. Ach ar dhóigh, bíonn gach  
rud tábhachtach, mar ní bhíonn aon fhios againn

Gearóid Ó hAnnaidh ina alt féin, *Oideas Gael*,  
25 Bliain ag Fás. **Go maire siad an céad** (ar a  
laghad)!

Caitear súil siar ar dhuine dár gcuid féin san  
alt stairiúil le Séamus Ó Diollúin, as Co.  
Luimnigh. Duine in Éirinn ag déanamh staidéir  
ar dhuine a bhailigh lámhscríbhinní  
Éireannacha i Meiriceá agus a scríobh fúthu in  
An Gael. Agus a scéal foilsithe in An Gael féin  
anois... Ní nach ionadh gur mhaith le daoine  
sa tseanaois an bhís! Ina cholún Seanchas,  
díríonn Gearóid Ó Ceallaigh ar nasc eile idir  
lucht na Gaeilge agus Meiriceá, i measc  
sclábhaithe Washington! **Is fánach an áit ina  
bhfaightear gliomach**, cinnte.

Dírítear ar aos óg an lae inniu san alt le Seán  
Ó Riain, fiú go raibh sé féin ‘ar ais ar scoil.’  
Ceangal beo beathach idir glúine a spreag an  
Aontas Eorpach is ábhar dó. Seans gur chuala  
tú é ag caint faoi seo ar Raidió na Gaeltachta?  
Is cinnte go bhfuil ról idirnáisiúnta ag an  
nGaeilge sa lá atá inniu ann, agus is oiriúnach  
dár n-iris idirnáisiúnta scéal mar seo, cinnte.

Nílim fós ar scoil ach bím ag foghlaim is ag  
coigeartú i gcónaí, ag iarraidh an t-irisleabhar  
is fearr agus is féidir linn a dhéanamh a chur  
amach gach trí mhí. Is dócha go mbrisim rial

de mo chuid féin san eagrán seo, mar fágaim aoir sách maslach in alt amháin. Chun a bheith cothrom, cuirim cás an duine ar a ndearnadh é in iúl. Ní miste linn an chonspóid mar rud, ach go dtugtar deis don dá thaobh. Déanfar breith ar gach cás i leith, gan ár bpolasaithe ginearálta a athrú go bunúsach - *exceptio probat regulam*.


Tá dánta de mo chuid féin san eagrán seo, maraon le dánta le file atá nua dúinn, James Lawless, údar aitheanta atá in a chónai i gcontae Chill Dara, agus dánta eile lenár gcara Bernard De Brún.

Scríobh Áine Durkin alt breá dúinn faoin seanaimsir agus na siopaí a bhíodh in Éirinn,

agus a bhíodh ag a gaolta féin. Trasna na dtonnta, súl siar, súl siar, freisin!

Tá a cholún faoin gceol againn ó Lugh DePaor agus lámhscríbhinn de chuid Chumann Carad na Gaeilge maraon le tuairisc ó na daicheadaí ar scoileanna Gaeilge eile a bhí ar siúl i nGCC agus áiteanna eile sa tuaisceart. Níl ficsean ar bith againn an uair seo, faraor. An bhfuil scéal ionatsa, a léitheoir? **Ar scáth a chéile a mhairimid!**

Ábhar iontach léitheoireachta ar fad atá san eagrán seo, dar liom, agus tá súil agam go mbainfear sásamh as, agus go scaipfear an scéal faoin iris seo.



#### Treoracha dár Scríbhneoirí

- Iris atá oiriúnach do gach léitheoir is ea í seo, fiú daoine óga. Mar sin, má bhíonn aon rud gáirsíúil ann, ní mór nach dtuigfeadh páiste é. B'fhearr a leithéid a sheachaint mar bhunphrionsabal.
- Iris a bheidh measúil do gach éinne is ea í seo. Mar sin, más ábhar conspóideach atá idir lámha agat, ní mór duit a bheith cothrom agus gan mhasláí, agus más féidir, an dá thaobh a mhíniú ar shlí nach gcuirfeadh isteach ar éinne. B'fhearr an chonspóid a sheachaint, má chuireann sé isteach ar dhaoine, ach níl aon chosc ar a leithéid, má dhéantar go béasach measúil é. Ní fhoilseofar aon rud díspeagach.
- Ní iris acadúil í seo. Tá suim againn in ábhar ar bith, ach is lucht léite ginearálta atá i gceist, agus mar sin, ní mór go bhfuil stíl tarraigteach spráíúil ann.
- Ní mór gur fíricí iad na fíricí a luaitear, dar ndóigh. Agus aon rud a mhaítear, ní mór go mínítear é chun bunús a chur leis (gan a bheith leadránach).
- Is leis na húdair féin a gcuid tuairimí, agus ní chuirfear ladar an eagarthóra isteach orthu sin. B'fhearr scéalta ná tuairimí, ámh.
- Is fearr a bheith dearfach ná diúltach i gcónai, más féidir. Scríobh mar a scriobhfá do chara.
- Is fearr linn ábhar nach raibh i gcló cheana, fiú ar an idirlion.